AN OIFIG UM CHLÁRÚ CUIDEACHTAÍ
COMPANIES REGISTRATION OFFICE

# B3

***Fógra maidir leis na háiteanna ina gcoimeádtar clár na mball, clár na sealbhóirí bintiúr, clár leas na stiúrthóirí agus rúnaithe, miontuairscí cruinnithe, agus conarthaí/meamraim seirbhís na stiúrthóirí.***

Alt 216(6) Acht na gCuideachtaí 2014

Uimhir na cuideachta

Stampa dáta faighe CRO agus CRO barcode

**Comhlánaigh le do thoil trí úsáid a bhaint as clóscríobh dubh nó as BLOCLITREACHA, agus déan tagairt do na nótaí íniúcháin**

**Ainm na cuideachta**
*ina iomláine*

Áit ina gcoimeádtar an clár
*nóta a haon agus a dó*

Agus láithreán gréasáin
*más cuí*
*nóta a trí*

**Sonraigh le do thoil cén clár atá á choinneáil ag an seoladh seo** *nóta a ceathair*

- ☐ Conarthaí/Meamraim seirbhís stiúrthóirí (a.216(1)(a))
- ☐ Cóipeanna d'ionstraimí lena gcruthaítear muirir (a.216(1)(b))
- ☐ Clár leas stiúrthóirí agus rúnaithe (a.216(1)(c))
- ☐ Clár na leasanna in-nochta (a.216(1)(d))
- ☐ Clár comhaltaí (a.216(1)(e))
- ☐ Miontuairscí cruinnithe (s.216(1)(f))

An bhfuil an seoladh raithe? ☐ Tá ☐ Níl *nóta a ceathair*

An dáta ar a mbeidh feidhm ag an athrú seolta Lá Mí Bliain

**Deimhniú**

Dearbhaím leis seo go bhfuil na sonraí san fhoirm seo i gceart agus tugtha de réir na Nótaí maidir le Foirm B3 a chríochnú.

Síniú

Ainm *BLOCLITREACHTA*

☐ Stiúrthóir ☐ Rúnaí *nóta a ceathair & a cúig*

Dáta

**Mionsonraí an deontóra**

Duine lenar féidir fiosruithe a dhéanamh

Ainm

Seoladh

| | |
|---|---|
| Uimhir teileafóin | Uimhir faics |
| Ríomhphost | Teagmhálaí |
| Uimhir/Malartán DX | Uimhir thagartha |

## NÓTAÍ COMHLÁNÚCHÁIN FHOIRM B3
**Ba chóir na nótaí seo a léamh i gcomhar leis an reachtaíocht ábhartha.**

***Ginearálta***

Ní mór an fhoirm seo a chomhlánú i gceart, ina hiomláine agus de réir na nótaí seo a leanas. Ní mór gach mír den fhoirm a chomhlánú. Cuir isteach 'Ní bhaineann le hábhar', 'níl' nó 'níl aon cheann' nuair is cuí sin.

***nóta a haon***

Níor chóir Foirm B3 a chríochnú ach i gcás go mbeidh siad seo a leanas á n-athrú (a) má bhíonn sé éagsúil ó sheoladh na hoifige cláraithe, nó (b) á athrú go seoladh na hoifige cláraithe ó oifig eile, nó (c) á athrú ó sheoladh amháin go seoladh eile agus nach ceachtar acu sin seoladh na hoifige cláraithe.

***nóta a dó***

Caithfear an clár comhaltaí a choimeád sa Stát in oifig chláraithe na cuideachta, nó aon oifig eile de chuid na cuideachta ina ndéantar an obair chun é a chur le chéile, nó má shocraíonn an chuideachta duine eile chun an clár a chur le chéile ar son na cuideachta, ag oifig an duine eile sin ina ndéantar an obair. Caithfear seoladh iomlán poist sa Stát a thabhairt. Ní leor bosca in Oifig an Phoist.

***nóta a trí***

I gcás ina mbeidh na taifid á gcoimeád ar láithreán gréasáin inrochtana, ba chóir an seoladh cuí a chur in iúl do Chláraitheoir na gCuideachtaí. Tabhair faoi deara: Caithfear seoladh iomlán poist a thabhairt freisin i gcuid chuí den fhoirm seo.

***nóta a ceathair***

Cuir tic sa bhosca/sna boscaí cuí.

***nóta a cúig***

Caithfidh oifigeach reatha na cuideachta an fhoirm seo a dheimhniú.

### Tuilleadh faisnéise

***Seoladh CRO***

Oifig Poiblí: Teach Bloom, Plás Gloucester Íochtarach, Baile Átha Cliath 1.
Nuair a bheidh an fhoirm comhlánaithe agus sínithe agat, seol ar aghaidh í le do thoil leis an táille forordaithe chuig Cláraitheoir na gCuideachtaí ag:

An Oifig um Chlárú Cuideachtaí,
Bóthar Uí Bhriain,
Ceatharlach

***Íocaíocht***

Má bhíonn tú ag íoc le seic, ordú poist nó dréacht bainc, íoc an táille leis an Oifig um Chlárú Cuideachtaí. Caithfidh seiceanna nó dréachtaí bainc a bheith ag teacht ó bhanc i bPoblacht na hÉireann.

**Léigh *go cúramach* le do thoil na nótaí míniúcháin thuas luaite. Is dóigh do ndiúltófaidh an CRO d'Fhoirm B3 nach bhfuil comhlánaithe i gceart nó nach bhfuil na cáipéisí cearta nó an táille cuí ag gabháil léi agus go seolfar ar ais ag an té a sheol isteach í de bhun alt 898 d'Acht na gCuideachtaí 2014. Mura gcuirfear an cháipéis seo ar ais arís chuig an CRO laistigh de 14 lá, measfar nár seachadadh ar an CRO ar chor ar bith í.**

**TÁ TUILLEADH FAISNÉISE FAOI CHOMHLÁNÚ FHOIRM B3, LENA nÁIRÍTEAR AN TÁILLE FORORDAITHE, AR FÁIL AG www.cro.ie NÓ AR RÍOMHPHOST Ó info@cro.ie**